
# AERÁID SOS




LUCINDA JACOB ★ ALAN NOLAN

seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND




GNÍOMHAITHE ★ SÁRFHUINNIMH ★ NA hÉIREANN

# AERÁID SOS


SCRÍBHNEOIR
LUCINDA JACOB

MAISITHEOIR
ALAN NOLAN

EAGARTHÓIR ORLA KELLY



ORLA – SAINEOLAÍ CUMARSÁIDE
IS AOIBHINN LIOM LABHAIRT LE DAOINE.
AHMED – SAINEOLAÍ TEICNEOLAÍOCHTAÍ NUA
IS BREÁ LIOM TAIGHDE A DHÉANAMH AR NA RUDAÍ NUA GO LÉIR!
JACK – SAINEOLAÍ DÚLRA
IS AOIBHINN LIOM AN DÚLRA – GO HÁIRITHE FEITHIDÍ!
KATERINA – SAINEOLAÍ MAIDIR LE RUDAÍ A DHÉANAMH
IS BREÁ LIOM RUDAÍ A DHÉANAMH!
IS LE GNÍOMHAITE SÁRFHUINNIMH NA hÉIREANN É SEO
SPARKIE – AN MADRA IS CLISTE IN ÉIRINN
BHUF!
GNÍOMHAITHE SÁRFHUINNIMH NA hÉIREANN
TAGAIGÍ LE CHÉILE!
IS SINNE SEAI – GNÍOMHAITHE SÁRFHUINNIMH NA HÉIREANN!
...AGUS LE CHÉILE TÁ AN CHUMHACHT AGAINN!
seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND






## CAIBIDIL A HAON

# TAGAIGÍ LE CHÉILE, A GHNÍOMHAITHE!



'A Ghníomhaithe Sárfhuinnimh! An gcloiseann sibh mé? Dúramar go gcasfaimis lena chéile tar éis na scoile!' Tháinig bíp óna guthán ar deireadh.

'Ahmed anseo, a Orla, tá mé gnóthach le mo thionscadal faoi fhuinneamh aigéin. Cad é an scéal?' Sula raibh sí ábalta freagra a thabhairt, tháinig bíp eile, agus bíp eile, agus bhí an grúpa go léir ag caint lena chéile.

'Tá mé ar an mbealach,' arsa Jack. 'Tá mé ar an raon rothar nua a théann trí Pháirc Bhaile na Carraige.'

'Fuair mé do theachtaireacht,' arsa Katerina. 'Tá mé ag cur cúpla cána bambú eile ar an óstán atá mé a dhéanamh do na beacha. Ansin beidh mé ar mo bhealach freisin.'

Nuair a bhí gach duine i láthair, dúirt Orla, 'An gcuimhníonn sibh an méid a d'fhoghlaimíomar faoi athrú aeráide ar scoil agus faoin gcaoi ar féidir leis díobháil mhór a dhéanamh do phlandaí agus d'ainmhithe – agus díobháil a dhéanamh dúinn?'

'Cuimhním,' arsa Jack. 'Tarlóidh níos mó stoirmeacha agus tuilte agus fiú níos mó triomach ar fud an domhain mar gheall ar athrú aeráide agus rachaidh sé sin i bhfeidhm go han-mhór ar ghnáthóga.'

'Tá ár bpláinéad ag cur teachtaireacht SOS,' arsa Katerina, 'níl daoine ag déanamh go leor chun cabhrú leis an dúlra, agus mar sin, ceapaim go gcaithfimid, Gníomhaithe Sárfhuinnimh na hÉireann, rud éigin a dhéanamh!'

'Bhuf, Bhuf, Bhuf, Bhuf, Bhuf!' nó, 'Níl a fhios acu go dtuigim iad, agus tá mé réidh chun rud éigin a dhéanamh,' arsa Sparkie, Madra an SEAI, an madra is Cliste in Éirinn, a bhí ina luí ag cosa Orla.



'Tá an ceart agat, a Katerina,' arsa Jack. 'Smaoinigh ar an aimsir fhiáin a bhí ann! Na geimhrí an-fhliuch nach bhfuil chomh fuar sin agus na samhraí an-teo, taispeánann siad go bhfuil an aeráid ag athrú.'



'Is í an fhadhb an bealach a ndéanaimid agus a n-úsáidimid fuinneamh,' arsa Ahmed.

'Go háirithe an bealach a gcuirimid fuinneamh amú, a Ahmed!' arsa Orla.

'Is fíor duit, a Orla,' ar seisean, 'agus tá daoine ag dó an iomarca breosla iontaise - cosúil le hola, gual agus móin - chun fuinneamh a dhéanamh.'

'Agus tá siad ag úsáid a lán lán peitril agus díosail ina gcarranna!', arsa Jack.

'Tá carbón sna rudaí sin go léir agus scaoileann siad le dé-ocsaíd charbóin nuair a dhóimid iad chun fuinneamh nó chun plaisteach a dhéanamh,' arsa Katerina.

'Agus tá a fhios ag eolaithe cad is cúis le hathrú aeráide,' arsa Ahmed.

'Cad is féidir linn a dhéanamh, mar sin?' a d'fhiafraigh Orla.

'Ceapaim gur féidir linn tosú lenár scoil féin,' arsa Ahmed. 'Tá eolas ag gach duine inár rang faoi athrú aeráide anois. Seans gur féidir linn féin roinnt athruithe a dhéanamh?'

'Is féidir linn go léir rud éigin a dhéanamh,' arsa Jack. 'Má thosaíonn gach duine le hathruithe beaga, déanfaidh siad difear mór le chéile.'

'B'fhéidir gur féidir linn labhairt leis an bhFoireann Ghlas agus an scoil iomlán a spreagadh chun páirt a ghlacadh?' arsa Katerina.

'Iontach! Is féidir linne, Gníomhaithe Sárfhuinnimh na hÉireann, é a dhéanamh!' arsa Orla. 'Fan go bhfeicfimid cad is féidir linn a dhéanamh! Feicfidh mé sibh ar scoil amárach!'



Nuair a tháinig na cúig bhall den SEAI go Scoil Náisiúnta Bhaile na Carraige an lá dár gcionn, bhí ar Sparkie bocht stopadh ag an ngeata. Shuigh an madra cliste ansin agus a heireaball ag bualadh ar an talamh agus í ag iarraidh dul ar scoil freisin fad agus a bhí níos mó leanaí ag rith isteach sa scoil.

Tháinig Caitlín and Harry timpeall an fhoirgnimh díreach ansin. 'Dia duit', arsa Harry.

'Taitníonn na suaitheantais don Fhoireann Ghlas liom,' arsa Ahmed.

'T-léine shnasta, a Ahmed!' arsa Caitlín.

D'inis an SEAI do Chaitlín agus Harry conas ba mhaith leo stop a chur le hathrú aeráide agus an dúlra a chosaint. D'inis siad dóibh faoina bplean go nglacfadh an scoil iomlán páirt.

'Tá go leor rudaí is féidir linn a dhéanamh chun cabhrú le plandaí agus ainmhithe!' arsa Jack.

'Ceann de na rudaí is fearr is féidir linn a dhéanamh ná níos lú fuinnimh a úsáid,' arsa Harry.

'Is féidir linn iarracht a dhéanamh gan é a chur amú,' arsa Katerina.

'Is féidir,' arsa Orla. 'Agus is féidir linn stop a chur le breoslaí iontaise a úsáid mar fhuinneamh. Is féidir linn saghsanna éagsúla fuinnimh a úsáid, cosúil le fuinneamh gaoithe agus fuinneamh gréine.'

'Ar thug an Fhoireann Ghlas faoi deara aon bhealaí a n-úsáidimid an iomarca fuinnimh ar scoil?' a d'fhiafraigh Ahmed.

'Thug! Thug!' arsa Harry agus Caitlín.

Thaispeáin Harry na seomraí ranga a bhí róthe agus meirbh don ghrúpa agus an coire an-sean a dhóigh ola; ní raibh ach dhá shocrú air "Chomh hard agus is féidir" nó "Múchta".

'Sin an chúis a bhfuil an t-uisce i bhfad róthe sna sconnaí agus sna radaitheoirí!' a scread Jack. Thaispeáin Caitlín ballaí caola fhoirgneamh na scoile agus na fuinneoga nach raibh ach pána amháin gloine iontu. Chonaic Katerina go raibh cláir bhána idirghníomhacha fós ar siúl i roinnt de na seomraí ranga fiú nuair nach raibh úsáid á baint astu.

'Ní dóigh liom go bhfuil aon insliú sa díon?' arsa Ahmed.

'Ní dóigh liom é,' a dúirt Caitlín.

'Ceapaim go bhfuil go leor le foghlaim againn sa scoil seo!' arsa Jack.

'Is fíor duit,' arsa Orla.






'Agus féach suas,' arsa Caitlín. 'Tá mé measartha cinnte go bhfuilimid ag cur fuinneamh amú leis na seanbholgáin solais seo freisin.'

'Go háirithe nuair a dhéanaimid dearmad ar iad a mhúchadh nuair a fhágaimid an seomra!' arsa Harry. 'Múch é sula n-imíonn tú!'

'Tá an oiread sin rudaí is féidir linn a dhéanamh,' arsa Orla. 'Ach caithfimid gach duine a spreagadh chun páirt a ghlacadh. Táimid ag úsáid an iomarca d'acmhainní an domhain go léir.

Táimidne, an cine daonna, ag déanamh damáiste dár bpláinéad agus do gach rud a mhaireann air. Caithfimid níos lú fuinnimh a úsáid agus stop a chur le hé a chur amú.'

'Agus ba cheart go mbeimis ag úsáid fuinneamh in-athnuaite, inbhuanaithe agus glas, mar nach ndéanann sé damáiste chomh mór sin don domhan agus do na plandaí agus do na hainmhithe,' arsa Caitlín.

'Caithfimid eolas a thabhairt dóibh faoi sin,' arsa Harry, 'agus faoi na bealaí ar féidir linn cabhrú lenár bpláinéad.'

'Ní gá dúinn dul rófhada,' arsa Jack. 'Tá a lán rudaí is féidir linn a thaispeáint faoin gcúis a bhfuil sé thábhachtach gnáthóga agus bithéagsúlacht a chosaint, go háirithe ár gcrainn agus ár bplandaí pailneora dúchasacha atá díreach anseo.'

'Ansin is féidir linn taighde a dhéanamh ar bhealaí ar féidir leis an scoil athruithe a dhéanamh agus tosú ar laghdú a dhéanamh ar chur amú fuinnimh,' arsa Ahmed.


D'fhéach Caitlín agus Harry ar a chéile. 'Sin iontach!' arsa Caitlín.

'Ach caithfimid gach duine a spreagadh chun páirt a ghlacadh,' arsa Harry. 'Is féidir leis an bhFoireann Ghlas Lá Gníomhaíochta Fuinnimh a chur ar siúl agus cuireadh a thabhairt do na leanaí, a dteaghlaigh agus na múinteoirí go léir...'

'Tosóidh mé le roinnt boscaí éan a dhéanamh le taispeáint dóibh,' arsa Katerina mar a rith Sparkie tharstu agus is beag nár leag sé Harry.

'Guzzler!' arsa Sparkie agus é ag tafann, 'Cheap mé go mb'fhéidir go raibh tú anseo!'

D'fhéach Guzzler ar Sparkie agus rith sé agus Sparkie go dlúth sna sála air.





'Cérbh é sin, nó cad a bhí ann?' a d'fhiafraigh Orla.

'Níl a fhios agam,' a d'fhreagair Ahmed, 'ach ní ghlacfaidh sé ach soicind chun é a chuardach ar mo Ahmed-o-pedia!' Thóg sé gléas beag as a mhála droma agus chuir sé ar siúl go tapa é. 'Chabhraigh m'uncail Ajay liom chun é seo a dhéanamh, agus is duine an-chliste é!'

Tháinig an scáileán ar siúl go tobann agus bhí dhá charachtar aisteacha air...






CÚPLA NÓIMÉAD INA DHIAIDH SIN THÁINIG SPARKIE SUAS LE GUZZLER, DÍREACH SULAR RITH SÉ TRÍ NA DOIRSE I DTEACH OLLMHÓR INA RAIBH A LÁN SOILSE GEALA...
TEACH MAX
CAD SA DIABHAL -?
CAD É SIN -?
MAX SIPHON, , GINIAS A CHUIREANN FUINNEAMH AMÚ AGUS DUINE GRÁNNA AMACH
AGUS CÉ HÉ AN MADRA BROCACH SEO A THUG TÚ ISTEACH LEAT, A GUZZLER, A PHLEOTA?





HAIGH! NÍ MADRA BROCACH MÉ!
NÁ BAC LE SPARKIE, NÍL CLIÚ AICI! ACH FAN GO N-INSEOIDH MÉ DUIT CAD ATÁ PLEANÁILTE AG NA LEANAÍ SIN AG SCOIL NÁISIÚNTA BHAILE NA CARRAIGE!
MONABHAR, COGARNAÍL, COGARNAÍL, MONABHAR - AGUS TÁ SIAD FIÚ TAR ÉIS FIOS A CHUR AR AN SEAI!
CAD?!
FEICFIMID FAOI SIN! LEANAÍ MAITHE GNÍOMHACHA SIÚD AN SEAI! CHUALA MÉ CAINT ORTHU! CUIRFIDH MÉ STOP LENA SMAOINTE 'IONTACHA'!

# CAIBIDIL A DÓ

# LÁN LE FUINNEAMH!

Tháinig Sparkie ar ais chuig Scoil Náisiúnta Bhaile na Carraige cúpla lá ina dhiaidh sin agus bhí an Lá Gníomhaíochta Fuinnimh faoi lánseol. Bhí rudaí ag tarlú timpeall na scoile go léir. Bhí Caitlín agus Harry ag obair go dian chun go n-éireodh go geal leis an lá. Bhí siadsan agus Foireann Ghlas na scoile ag an deasc fáilte agus bhí siad ag cur fáilte roimh leanaí agus a dteaghlaigh agus ag insint dóibh faoin méid a bhí ar fáil. Bhí an SEAI ann freisin. Bhí ceardlann ag Jack in aice leis an áit pháirceála do na rothair ar thailte na scoile. 'Féachaigí ar ár seid nua do rothair agus ar conas a choimeádann sí ár rothair slán sábháilte agus tirim. Tá díon glas uirthi freisin agus tá a lán plandaí agus mionainmhithe ina gcónaí uirthi cheana féin,' ar seisean. 'An féidir le duine ar bith a insint dom cad é seo? Is aoibhinn le féileacáin na bláthanna fiáine seo atá lán le neachtar!'

Sna seomraí ranga agus sa halla taobh istigh bhí daoine ag freastal ar cheardlanna agus ag caint go sásta le chéile. Dhírigh ceardlann amháin ar athrú aeráide.



'Tá an teocht ag dul in airde agus feicimid an tslí a bhfuil athrú aeráide ag dul i bhfeidhm ar an gcomhshaol agus ar dhaoine,' arsa Katerina. 'Tá sé ag dul i bhfeidhm ar na hoighearchaidhpeanna Artacha agus ar an bhforaois thrópaiceach bháistí. Ach tá gnáthóga leochaileacha againn anseo freisin agus caithfimid iad a chosaint.'





Ag bord eile mhínigh Orla an 'Dúshlán Fuinnimh' a raibh roinnt de na leanaí ag tabhairt faoi. 'Caithfimid athruithe beaga a dhéanamh agus déanfaidh siad sin athrú mór,' ar sise, 'má théimid ag siúl agus ag rothaíocht níos minice, nó má íslímid an teirmeastat ar ár gcóras téamh lárnach fiú céim amháin nó dhó. An bhfuil aon smaointe ag duine ar bith faoi cad eile is féidir linn a dhéanamh?'

D'fhéach Orla timpeall an tseomra. 'Cad fútsa, a fhir uasail?' Níor thug aon duine faoi deara gur lean Max Siphon agus Guzzler Sparkie chuig an scoil chun freastal ar an ócáid agus, iontas na n-iontas, bhí an bheirt (a chuireann a lán fuinnimh amú) ina suí ag cúl an halla. 'An bhfuil aon smaointe agaibh chun cabhrú leis an SOS Aeráide?' arsa Orla.

'Eh, er, níl, níl agamsa,' arsa Max Siphon agus an chuma air gur baineadh geit as. 'Tá tú lán le fuinneamh, a leanbh. A leithéid de chaint chumhachtach!' D'fhiafraigh Orla de thuismitheoir níos díograisí a raibh go leor smaointe maithe aige.

Sa halla mór, bhí Ahmed ag caint le daoine faoi conas is féidir le teicneolaíocht athrú a dhéanamh. 'Cad faoi athrú go fuinneamh glas?' a mhol tuismitheoir. 'Is féidir linn é sin a dhéanamh trí athrú go soláthraí a úsáideann fuinneamh in-athnuaite, cosúil le fuinneamh gaoithe nó gréine, seachas breosla iontaise.'




'Rud éigin a bheimis ábalta a dhéanamh láithreach na soilse go léir a athrú go soilse LED,' arsa an príomhoide. 'Ceapaim go mbeimis ábalta sin a dhéanamh.'

'Bhí sé sin go hiontach!' arsa Harry ag deireadh an tráthnóna nuair a thosaigh an SEAI agus an Fhoireann Ghlas leis na cathaoireacha a chur ar ais agus na boird a ullmhú don rang an lá dár gcionn. Ní fhaca aon duine Max Siphon agus Guzzler agus iad i bhfolach i gcúinne dorcha agus cuma an-chrosta orthu.

'Is ea, is cinnte go bhfuil siad go léir linn,' arsa Caitlín. 'Tá na tuismitheoirí chun airgead a bhailiú chun díon agus ballaí na scoile a inslíú.'

'Tá na múinteoirí chun an córas teasa a ísliú go dtí 18°C sa seomra ranga agus chun iarracht a dhéanamh rialúcháin teasa a fháil,' arsa Ahmed, 'agus táimid chun taighde a dhéanamh ar athrú aeráide sa rang agus ar conas is féidir le fuinneamh inbhuanaithe an comhshaol a chosaint.'



'Ná Bain an Féar – sin mo shluán nua!' arsa Jack. 'Chuir an Fhoireann Ghlas ina luí ar an bhfeighlí gan cuid den fhéar a bhaint i mbliana, agus táimid chun na feithidí a chomhaireamh, féachaint cé mhéad saghas difriúil a mhaireann san fhéar fada.'

'Thaitin mo bhoscaí éan leis an bpríomhoide,' arsa Katerina. 'Dúirt duine de na tuismitheoirí liom go gcabhródh siad liom chun boscaí ialtóg a dhéanamh agus táimid chun na boscaí sin a dhéanamh i gceann cúpla seachtain."

'Ceart go leor, is cinnte go bhfuil go leor cloiste agam in aon oíche amháin!' arsa Max le Guzzler go feargach. 'Tá mé ag imeacht! An bhfuil tú ag teacht liom?'

'Leanfaidh mé thú,' arsa Guzzler. 'Tá mé díreach tar éis Sparkie a fheiceáil agus ceapaim gur mhaith léi labhairt liom.'






‘Bhuel, a Guzzler,’ arsa Sparkie. ‘Cad a cheap tú faoi sin? Nach iontach na smaointe go léir a bhí ag na leanaí?’

‘Is dócha go raibh,’ arsa Guzzler, gan mórán muiníne aige.

‘Mar sin, an ndéanfaidh tú aon athruithe? An ndéanfaidh tú iarracht chun fuinneamh a shábháil?

An gcabhróidh tú le plandaí agus ainmhithe a chosaint?’ a d’fhiafraigh Sparkie. Ní bhfuair sí aon fhreagra. D’imigh Guzzler as radharc nuair a bhí sí ag caint!

Nuair a bhí Orla ar ais sa seomra cluichí sa teach crainn, chonaic sí teachtaireacht a fuair sí ó Ahmed a bhí sa seomra pleanála.



‘A Orla’, ar seisean. ‘Ceapaim go bhfeicim rud éigin aisteach ag tarlú ar an eangach náisiúnta – b’fhéidir gur SOS Aeráide é don SEAI!’

‘Cad é an eangach náisiúnta, a Ahmed?’ a d’fhiafraigh Jack.

‘Is é gréasán fuinnimh na tíre é – na línte cumhachta a fheicimid gach áit,’ a d’fhreagair sé. ‘Agus tá suíomh snasta gréasáin ann a thaispeánann an méid fuinnimh atá á fháil againn ón ngaoth.’

‘Aimsigh an méid is mó eolais agus is féidir leat,’ arsa Orla.


‘An féidir linn aon rud a dhéanamh?’ a d’fhiafraigh Katerina.

‘Ceapaim gur féidir liomsa rud éigin a dhéanamh,’ arsa Sparkie léi féin, agus í ag tafann chun go n-ísleodh Orla í anuas ón teach crainn.




NÍOS DÉANAÍ, AG TEACH MAX SIPHON...
TEACH MAX
AN EANGACH NÁISIÚNTA
100%
CAD ATÁ AG TARLÚ ANSEO?
HÁ, HÁ, HÁ, - TÁ MÉ AG ÚSÁID AN OIREAD SIN FUINNIMH!
SEO GLÉAS A CHRUTHAIGH MÉ. ÚSÁIDEANN SÉ AN MÉID IS MÓ BREOSLA IONTAISE. CUIR AR SIÚL É, A GUZZLER
GLÉASANNA AS FEIDHM TEO




KLIK!
HÁ, HÁ, HÁ! TÁ DAOINE AG CUR AN OIREAD SIN BREOSLA AMÚ - A GCARBÓN ÁLAINN AOIBHINN!
NÍ THABHARFAIDH SIAD FAOI DEARA FIÚ GO BHFUILIMID AG ÚSÁID BEAGÁN NÍOS MÓ!
HÁ, HÁ! TÁ SÉ Á GHOID AGAINN UATHU I NGAN FHIOS DÓIBH!!
AN MAX SIPHON SUARACH SIN - CAITHFIDH MÉ A RÁ LEIS NA DAOINE EILE!

‘Cad é atá tú a dhéanamh, a Sparkie?’ a d’fhiafraigh Ahmed, agus an madra ag cuimilt a uillinne. ‘Ní peata thú, is crá croí thú!’ Lean Sparkie ag brú in aghaidh uillinn Ahmed, agus bhrúigh Ahmed na heochracha míchearta ar an ngléas. ‘Stop!’, a scread sé. D’fhéach Sparkie ar an scáileán agus shuigh sí siar agus cuma shásta uirthi. D’fhéach Ahmed ar an scáileán nua. ‘Maith thú, a Sparkie!’ ar seisean. ‘Haigh,’ a ghlaoigh sé ar na daoine eile, ‘Ceapaim go bhfuil a fhios agam cad atá ag tarlú!’

‘Cad atá ar siúl?’ a d’fhiafraigh Katerina.

‘Feictear go bhfuil fuinneamh á bhaint ón eangach náisiúnta,’ arsa Ahmed.

‘Nach mbíonn sé á bhaint i gcónaí?’ a d’fhiafraigh Jack. ‘Nach bhfuilimid go léir ag úsáid an iomarca fuinnimh fós?’

‘Níl, tá cuma i bhfad níos measa air seo ná mar is gnách,’ a dúirt Ahmed.

‘An féidir leat an fhadhb a aimsiú?’ a d’fhiafraigh Orla.



‘Ar aghaidh linn!’ arsa Orla. ‘Tá ár n-aeráid ag glaoch SOS! ‘Ar aghaidh linn, a Gníomhaithe Sárfhuinnimh na hÉireann!”

‘Is sinne an SEAI agus...’

‘Fan nóiméad,’ arsa Ahmed, agus é ag léamh an eolais.

‘Ah, is ea, sin é. Tá méadar ag Feirm Ghaoithe Phobal Choill Doire in Iarthar na hÉireann agus taispeánann sé go bhfuil fuinneamh á úsáid aon chéad agus cúig déag uair níos gasta ná mar is gnách!’



‘Tá duine éigin ag cur amú a lán lán fuinnimh i gCoill Doire, fuinneamh atá luachmhar, glas agus saor ó charbón!’ arsa Jack.

‘Nó tá duine éigin á ghoid,’ arsa Katerina.

Ar aghaidh linn!’ arsa Orla. ‘Tá ár n-aeráid ag glaoch SOS! ‘Ar aghaidh linn, a Gníomhaithe Sárfhuinnimh na hÉireann!”

‘Is sinne an SEAI agus...’



## CAIBIDIL A TRÍ

# TUIRBÍNÍ AR LUAS!

Shroich an cúigear gníomhaithe fuinnimh (agus Sparkie, dar ndóigh!) Feirm Ghaoithe Phobal Choill Doire nuair a bhí treoraí ag taispeáint grúpa leanaí scoile thart. Bhí cuma shleamhain ar an treoraí agus scairf ceangailte timpeall a aghaidhe. 'Tá brón orm faoin ngaoth, a chairde,' ar seisean agus é ag gáire go híseal. 'Ach is ceann de na míbhuntáistí í a bhaineann le fuinneamh gaoithe. Níl sé te teolaí ar nós nuair a dhóimid ár mbreosla iontaise álainn aoibhinn.'

Bhí cuma ar chuid de na leanaí nár thuig siad, bhí mearbhall ar chuid acu agus bhí leanaí eile trína chéile.

'Gabh mo leithscéal,' arsa leanbh. 'Thángamar anseo chun a fháil amach cé chomh hiontach agus atá fuinneamh gaoithe. Is eol dúinn go bhfuil a lán gaoithe ann is féidir linn a úsáid in Éirinn. Is mian linn bheith neodrach ó thaobh carbóin de ar ais inár bpobal díreach faoi mar atá sibhse anseo i gCoill Doire.'

'Cén fáth a ndúirt tú go bhfuil breoslaí iontaise álainn aoibhinn?' a d'fhiafraigh leanbh eile, 'nuair is léir gur gá dúinn stop a chur lena n-úsáid ar ár bpláinéad?'

'Er,' thosaigh an fear ag rá. Ansin thosaigh créatúr beag glas ag caint.

'Ná bac le fuinnimh áiféiseacha inbhuanaithe,' ar seisean. 'Tá ag éirí go han-mhaith linn leis na seanbhreoslaí a bhíodh in úsáid againn i gcónaí.'

Arís eile, bhí cuma ar na leanaí nár thuig siad, bhí mearbhall ar chuid acu agus bhí leanaí eile trína chéile.





'A Guzzler,' a ghlaoigh Sparkie. 'Cad é atá tú a dhéanamh anseo?'


'Tá brón orm, caithfidh mé imeacht!' arsa Guzzler agus rith sé leis agus Sparkie ag rith ina dhiaidh, agus Ahmed ar a shála. Shéid an ghaoth díreach ansin agus bhain sé an scairf d'aghaidh an treoraí.

'Nár chas mé leat áit éigin?' a d'fhiafraigh Jack.


'Tá aithne agam ort!' a scread Katerina. 'Is tusa Max Siphon! Déarfainn go bhfuil tusa ag goid an fhuinnimh ón bhfeirm ghaoithe!'


Thosaigh Max ag rith…

'Go tapa', a scread Orla, 'lean é!'



FÉACH! TÁ SÉ AG RITH CHUIG AN TUIRBÍN GAOITHE SIN!
STOP!
LIG DOM IMEACHT, A FHÁIS GHLAIS!
A JACK! FAIGH AN ÚIM SHÁBHÁLA SIN AGUS AN TÉAD!
HÁ HÁ HÁ...
SNAP!




Ó, IS EA!
SEACHAIN MIOTAL AG TITIM! AGUS NA BEARNAÍ SA DRÉIMIRE FREISIN!
IS MAITH AN RUD É GO BHFUILIMID LÁN LE FUINNEAMH!
IS EA, IS CINNTE GO BHFUIL AN CHUMHACHT AGAINN!
A THIARCAIS! NACH IONTACH IAD LANNA NA DTUIRBÍNÍ AGUS TÚ I NGAR DÓIBH!
ACH CÁ BHFUIL MAX SIPHON?


ANSEO ATÁ MÉ, A AMADÁIN GHRÁNNA ATÁ AR SON FUINNEAMH ÉICEOLAÍOCH CARBÓN-NEODRACH INBHUANAITHE!
Ó BREOSLAÍ BRADACHA!
ÚPS!
GO BHFÓIRE DIA ORAINN! THIT SÉ DEN ARDÁN!
RUG SÉ GREIM AR CHEANN DE LANNA NA DTUIRBÍNÍ AGUS TÁ SÉ AG CASADH TIMPEALL!
A DHIABHAIL!




CAITHFIMID CABHRÚ LEIS!
CAITH CHUIGE AN ÚIM SHÁBHÁLA AN CHÉAD UAIR EILE A THAGANN SÉ TIMPEALL!
CEART GO LEOR, CEANGAIL TUSA AN TÉAD!
TÁ SÉ AGAM!
A DHIABHAIL! THEIP ORM ARÍS!
GO TAPA – ISTEACH LIOM SA CHARR RÁSAÍOCHTA SIPHON AGUS ÉALÓIDH MÉ!



'Ní cheapaim go mbeidh aon fhadhbanna eile againn leis anseo,' arsa Orla.

'Bhuf, an dtuigeann tú anois gur smaoineamh seafóideach a bhí ann?' arsa Sparkie nuair a tháinig sí timpeall an chúinne le Guzzler.

'Ach dúirt Max gur smaoineamh maith a bhí ann,' arsa Guzzler de gheonaíl. 'D'inis sé dom é a dhéanamh. Dúirt sé go bhfuil an oiread sin fuinnimh anseo gur trua gan é a úsáid.'

'Díreach mar a cheap mé,' arsa Ahmed, 'tá an méadar ag oibriú go dian agus tá an pobal ag cailliúint a lán fuinnimh. Feicim go bhfuil sé ag dul go díreach chuig Teach Max.'

'Ceartóidh mé é sin gan mhoill,' arsa Katerina, agus bhain sí an cábla a bhí ceangailte leis an tuirbín gaoithe. 'Tá an fhadhb ceartaithe againn agus...

'Is sinne an SEAI agus...'

'Tá an chumhacht againn!'



## CAIBIDIL A CEATHAIR

# CUMHACHT NA nDAOINE!

'Haigh,' arsa Orla, nuair a chas siad lena chéile ag an teach crainn an lá dár gcionn, 'tá a fhios agaibh an áit sin ar fhoghlaimíomar fúithi ar scoil? An áit ina bhfuil daoine ag cabhrú leis an gcomhshaol agus ag cabhrú leo féin ag an am céanna?'

'Tá, is é sin Baile Uí Ógáin,' arsa Katerina, 'tá siad ag iarraidh stop a chur le hathrú aeráide. Tá siad ag déanamh laghdú ar an méid fuinnimh agus uisce a úsáideann siad agus a chuireann siad amú, agus tá siad ag tosú le fuinneamh glas a úsáid dá mbusanna agus dá ngluaisteáin agus chun a dtithe a théamh.'

'Ba mhaith liom daoine a chur ar an eolas fúthu, agus a thaispeáint cad is féidir le gnáth-theaghlaigh a dhéanamh chun freagairt dár SOS Aeráide, ach teastaíonn eolas breise uaim.' arsa Orla.

'Haigh! Cónaíonn mo mhamó i mBaile Uí Ógain,' arsa Ahmed.

'Tabharfaimid cuairt ar an áit!' arsa Jack.

'Smaoineamh iontach!' arsa Orla.


'Tar linn, a Sparkie,' arsa Katerina. 'Bhuf!' arsa Sparkie.



Tháinig siad go Baile Uí Ógáin tamall ina dhiaidh sin agus bhí slua daoine ar an tsráid, agus bhí siad go léir ag iarraidh dul isteach i gCaifé an Phónaire Ghlais. Taobh istigh den chaifé, bhí duine éigin a raibh spéaclaí dorcha agus hata air ina sheasamh ar chathaoir, ag croitheadh a lámh agus ag béiceadh. Bhí uafás ar úinéir an chaifé agus é ag féachaint ar bharista beag glas ag streachailt leis an meaisín éicea-chaifé.




'Is amadáin sibh go léir má cheapann sibh go ndéanfaidh bhur n-iarrachtaí anseo difear ar bith!' a bhéic an fear a raibh na spéaclaí dorcha air. 'Tá sibh ag cur amú bhur gcuid ama agus airgid agus bhur bhfuinneamh álainn aoibhin... Dúirt mé libh cheana féin é, agus déarfaidh mé arís é...'





















‘Cad a tharla do gach duine anseo?’ a d’fhiafraigh Orla. ‘Bhí siad ag cabhrú leis an gcomhshaol, ag sábháil fuinnimh, agus bhí pleananna móra acu chun fuinneamh glas inbhuanaithe a úsáid agus chun bheith neodrach ó thaobh carbóin de. Anois tá cuma orthu go bhfuil siad go léir bréan de.’

‘Déarfainn gurbh iad Max Siphon agus Guzzler is cúis leis seo!’ arsa Jack.

‘Caithfimid stop a chur leo!’ arsa Katerina.

‘Níl aon dóchas ag na daoine anseo mar gheall ar an mbeirt acu!’ arsa Ahmed.

‘Ach tá rudaí iontacha déanta acu!’ arsa Jack. ‘Ba mhór an trua é dá gcaillfidís an dóchas anois.’

‘Thiocfadh linn go léir a lán a fhoghlaim ón méid atá déanta anseo acu i mBaile Uí Ógáin, níor cheart dóibh an dóchas a chailleadh!’ arsa Katerina.

‘Caithfimid dóchas a thabhairt dóibh arís,’ arsa Orla go cróga. ‘Mura mbíonn dóchas ann, ní fhreagróidh duine ar bith don SOS Aeráide! Seo an éigeandáil is mó a tharla go dtí seo! Cuimhnígí…

‘Is sinne an SEAI agus…’



## CAIBIDIL A CÚIG

# CÉN FÁTH?

Ar ais in Ionad Pobail Bhaile Uí Ógáin, 'Cén fáth? Cén fáth ar gá dúinn athrú go fuinneamh inbhuanaithe?'

Sin an cheist a bhí ar bhéal gach duine san áit.

'Is sinne Gníomhaithe Sárfhuinnimh na hÉireann agus inseoimid daoibh an fáth!', arsa Orla, agus í ag casadh timpeall chuig na baill eile den SEAI.

'Uimhir a hAon,' arsa Jack. 'Nuair a bhainimid úsáid as breoslaí iontaise, cosúil le hola, gás, gual agus móin ón domhan agus ón bhfarraige, déanaimid damáiste mór don dúlra agus do na háiteanna a maireann plandaí agus ainmhithe agus daoine.'

'Uimhir a Dó,' arsa Ahmed. 'Níl breoslaí iontaise inbhuanaithe, ní mhairfidh siad, táimid á n-ídiú agus ní féidir iad a chur ar ais arís.'

'Uimhir a Trí,' arsa Katerina. 'Táimid ag dó breoslaí iontaise agus tá an truailliú ag nimhiú ár bpláinéid agus tá sé ag téamh dá bharr! Is é sin is cúis le hathrú aeráide! Tá an baol romhainn go léir go mbeidh deireadh linn mura ndéanfaimid athrú.'

'Sin an fáth ar gá dúinn níos lú fuinnimh a úsáid agus tosú le fuinnimh glas in-athnuaite inbhuanaithe a úsáid, cosúil leis an ngaoth, fuinneamh gréine agus fuinneamh aigéin,' arsa Orla.






Bhí monabhar sa halla nuair a thosaigh daoine ag caint le chéile agus bhí Gníomhaithe Sárfhuinnimh na hÉireann sásta nuair a chonaic siad go raibh athrú ar na ndaoine, agus go raibh siad dóchasach, sásta agus díograiseach arís.

'Tá an ceart agaibhse, a dhaoine óga,' arsa fear a bhí ina sheasamh i ngar dóibh. 'Caithfimid leanúint le hiarrachtaí a dhéanamh chun ár bpobal a dhéanamh neodrach ó thaobh carbóin de agus saor ó bhreoslaí iontaise.'

D'aontaigh gach duine eile.

Bhí chuma bhuartha ar Sparkie go fóill.

'Bhuf! Bhuf! Bhuf! Bhuf! Bhuf!' ar sise ag tafann ar Orla.


Chas Orla timpeall go dtí an SEAI. 'Cogar!' ar sise, 'caithfimid stop a chur fós le Max Siphon agus an cur amú atá á dhéanamh aige!'


'Bhuf!' arsa Sparkie, 'Tá sé sin díreach ráite agam!'

'Féach! Sin é Guzzler! Go tapa! Rith sa tóir air!"


NÍOS DÉANAÍ, AR AIS AG TEACH MAX...
TEACH MAX
LEAN ORT AG SLUAISTEÁIL, A GUZZLER! COIMEÁD AN COIRE SIN LÁN! ARDÓIDH MÉ AN GLÉAS A DHÓNN AN MÉID IS MÓ BREOSLA IONTAISE!
COIMEÁD NA SEANSOILSE AR LASADH! ARDAIGH AN TEAS! NÍL INSLIÚ AG TEASTÁIL Ó DHUINE AR BITH!
TÁ SÉ GO HIONTACH AG CUR AMÚ FUINNIMH!
BÍ CÚRAMACH, A MAX, PLÉASCFAIDH SÉ!!




KA-BLOOOOM!


SIN É! NÍL BREOSLAÍ IONTAISE GO MAITH – TÁIM CHUN BHEITH NEODRACH Ó THAOBH CARBÓIN DE!
M'ANAM! TÁ SÉ SIN GO BHUAFÁSACH...




TÁ AN CHUMHACHT AGAINN! CUMHACHT FUINNIMH INBHUANAITHE!
BHUF! BHUF! BHUF! BHUF! BHUF! AGUS MÁ DHÉANANN GACH DUINE A NDÍCHEALL, FREAGRÓIMID DON SOS AERÁIDE!

# AN MÉID IS FÉIDIR LEAT A DHÉANAMH

## GNÍOMHARTHA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO LEANAÍ



AGUS TÚ AG FÉACHAINT AR CÉ CHOMH MÓR AGUS ATÁ AN ÉIGEANDÁIL FAOI ATHRÚ AERÁIDE AGUS FAOIN MBITHÉAGSÚLACHT – AN SOS AERÁIDE, A THUGAIMID AIR – SEANS GO GCUIREANN TÚ AN CHEIST CONAS IS FÉIDIR LEAT DIFEAR A DHÉANAMH.

TÁ TALLANN AGAINN GO LÉIR AGUS RUDAÍ ÉAGSÚLA IS MAITH LINN A DHÉANAMH – CAITHFIMID AN TAIRBHE IS MÓ A BHAINT ASTU.



MÁ THAITNÍONN AN TEICNEOLAÍOCHT LEAT, COSÚIL LE AHMED, IS FÉIDIR LEAT EOLAS A FHÁIL FAOIN DUL CHUN CINN IONTACH ATÁ DÉANTA I BHFUINNEAMH IN-ATHNUAITE INBHUANAITHE, COSÚIL LE FUINNEAMH GAOITHE, FUINNEAMH GRÉINE, BITHFHUINNEAMH AGUS FUINNEAMH AIGÉIN A CHABHRÓIDH LINN GO LÉIR BHEITH NEODRACH Ó THAOBH CARBÓIN DE.



MÁ THAITNÍONN SÉ LEAT RUDAÍ A DHÉANAMH, COSÚIL LE KATERINA, DÉAN BOSCA ÉIN NÓ IALTÓIGE DE RUDAÍ ATHCHÚRSÁILTE. NÓ DÉAN CEAPÓG ARDAITHE AS SEANBHONN GLUAISTEÁIN CHUN RUDAÍ A FHÁS ANN.



MÁS AOIBHINN LEAT AN DÚLRA, COSÚIL LE JACK, IS FÉIDIR LEAT PLANDAÍ PAILNEORA A FHÁS AGUS LIGEAN D'ÁITEANNA ÉIRÍ FIÁIN CHUN GUR FÉIDIR LE HAINMHITHE AGUS LE HÉIN CÓNAÍ IONTU AGUS IS FÉIDIR LEAT DO BHIA FÉIN A FHÁS FREISIN.



AGUS MÁ THAITNÍONN SÉ LEAT BHEITH AG CAINT, COSÚIL LE HORLA, IS FÉIDIR LEAT DAOINE A CHUR AR AN EOLAS GO BHFUIL SÉ AN-TÁBHACHTACH FUINNEAMH A SHÁBHÁIL AGUS A MHEABHRÚ DÓIBH CHUN RUDAÍ A MHÚCHADH!

NÁ DÉAN DEARMAD...

IS SINNE GNÍOMHAITHE SÁRFHUINNIMH NA HÉIREANN AGUS...

**TÁ AN CHUMHACHT AGAINN!**

**AGUS TÁ SÉ AGATSA FREISIN! BHUF!**

AIMSIGH NÍOS MÓ EOLAIS
WWW.SEAI.IE/SCHOOLS

# BUÍOCHAS

Is mian leis an SEAI buíochas a ghabháil leis na daoine go léir a chaith a gcuid ama agus fuinnimh chun an leabhar seo a thabhairt chun críche. Ar an gcéad dul síos, an fhoireann, faoi stiúir an Dr Orla Kelly in Institiúid Oideachais DCU agus an scríbhneoir Lucinda Jacob agus an maisitheoir Alan Nolan a d'oibrigh go foighneach leis an bhfoireann ag an SEAI i rith an tionscadail.

Cuirtear buíochas ó chroí in iúl do gach ceann de na Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe timpeall na tíre a thaispeánann dúinn go leanúnach an obair dhochreidte a dhéanann siad gach lá ar leibhéal áitiúil.

Ba mhaith linn buíochas mór a ghabháil le múinteoirí agus le scoláirí Ghaelscoil na gCloch Liath, Cill Mhantáin; Scoil Náisiúnta Ghleann na Smól agus Gaelscoil Chnoc Liamhna, Baile Átha Cliath, a chuir a lán ama ar fáil go flaithiúil chun aiseolas ionraic agus an-áisiúil i rith chéimeanna luatha an leabhair.

Táimid an-bhuíoch d'fhoireann éascaitheoirí scoile an SEAI a chaith an t-am agus a rinne an iarracht chun an leabhar a ghrinnscrúdú sular cuireadh i gcló é.

Agus ar deireadh, gabhaimid buíochas leis na baill foirne den SEAI, agus dá leanaí, as a saineolas agus a léargas ar gach gné d'fhuinneamh inbhuanaithe in Éirinn.

Luaitear i bPlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide gur dúshlán ar leith é an dúshlán chun aistriú go fuinneamh inbhuanaithe sa mhéid gur gá athrú a dhéanamh i ngach teaghlach, i ngach ionad oibre agus i ngach gréasán a thacaíonn lenár stíl mhaireachtála. Tá súil againn go meallann an leabhar seo, a bheag nó a mhór, saoránaigh ar gach aois agus go dtugann sé cumhacht dóibh agus sinn ag baint carbón dár gcóras fuinnimh.

D'ÚSÁIDEAMAR PÁIPÉAR COTHROMAITHE CARBÓIN CHUN AN LEABHAR SEO A CHLÓ, DEIMHNITHE AG TRUSTA THALAMH AN DOMHAIN.

CUIREADH AERÁID SOS I GCLÓ AG ÚSÁID DÚIGH GLASRAÍ ÉICEABHACHA

AERÁID SOS

Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

3 Plás na Páirce
Sráid Haiste Uachtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 FX65

Guthán: +353 1 808 2100

Ríomhphost: schools@seai.ie
Láithreán Gréasáin: www.seai.ie/schools

ISBN: 978-1-8380001-0-3

Cóipcheart don téacs, léaráidí agus dearadh an leagain amach © an SEAI 2020

Gach ceart ar cosaint. Ní féidir aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh ná a úsáid i bhfoirm ar bith ná ar bhealach ar bith, bíodh bealach leictreonach, meicniúil, fótachóipeáil nó taifeadadh i gceist ná in aon chóras stórála agus aisghabhála, gan chead i scríbhinn a bheith tugtha ag an bhfoilsitheoir.

Eagarthóireacht: Orla Kelly, DCU

RINNEAMAR CÚITEAMH AR MHÉID IS IONANN AGUS 932KG DÉ-OCSAÍD CHARBÓIN A CHABHRÓIDH LE TRUSTA THALAMH AN DOMHAIN 652M² D'FHORAIS THROPAICEACH ATÁ GO MÓR FAOI BHAGAIRT A CHOSAINT.




## Cuirfidh an scéal fíorspreagúil seo fuinneamh ionat!

Ceathrar leanaí (agus madra amháin) atá i nGníomhaithe Sárfhuinnimh na hÉireann. Tá siad an-dírithe ar eolas a fháil faoi fhuinneamh inbhuanaithe agus tá fuinneamh mór acu chun an timpeallacht a chosaint.

Ar an drochuair, tá namhaid mhór acu, Max Siphon agus a chúntóir saonta, Guzzler, agus feictear go bhfuil siadsan an-mheáite ar a lán rudaí a chur amú!

An féidir le leanaí an SEAI stop a chur leis na pleananna gránna atá ag Max chun rudaí a chur amú?

seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

www.seai.ie/schools

ISBN: 978-1-8380001-0-3